




Derry City Council
Comhairle Cathrach Dhoire
Derry Cittie Cooncil



Éascaitheoir/taighdeoir á lorg le tionscnamh *Scéal na Gaeilge* a fhorbairt



LOTTERY FUNDED

Éascaitheoir/Taighdeoir á lorg le tionscnamh *Scéal na Gaeilge* a fhorbairt

Is mian le Comhairle Cathrach Dhoire deis a fhógairt d'éascaitheoir/taighdeoir le tionscnamh *Scéal na Gaeilge* a fhorbairt.

1. An Tionscnamh

Oibreoidh an t-éascaitheoir go dlúth le pobal na Gaeilge i gceantar Chomhairle Cathrach Dhoire le *Scéal na Gaeilge* a chur le chéile. Déanfaidh sé/sí taighde ar stair an scéil agus labhróidh sé/sí le réimse daoine le cur leis an scéal. Úsáidfear an taighde a dhéantar mar bhunús chun taispeántas nua léirmhínitheach a chur le chéile a bhfuil sé mar chuspóir aige cur le feasacht an phobail i gcoitinne ar an Ghaeilge i nDoire.

Beidh ar an té a cheapfar díriú isteach ar *Scéal na Gaeilge* ina thrí chuid:

1. An teanga mar a bhí - stair na Gaeilge sa cheantar;
2. An teanga mar atá - an teanga bheo sa lá atá inniu ann;
3. An teanga mar a bheidh - mianta an phobail i leith na Gaeilge i gcomhthodhchaí nua.

Tugann an tionscnamh seo deis uathúil do phobal na Gaeilge i nDoire a scéal féin a insint mar chuid de bhliain atá stairiúil i saol na cathrach seo: 2013 – bliain Chathair Chultúir 2013 agus Bliain na Gaeilge a cheiliúrfar ar fud fad an oileáin i mbliana.

2. An Próiseas

Cuireann Comhairle Cathrach Dhoire fáilte roimh éascaitheoirí/taighdeoirí iarratas a chur isteach anois le tionscnamh *Scéal na Gaeilge* a fhorbairt.

Beidh sé de dhualgas ar an té a cheapfar tabhairt faoi na gnéithe tionscnaimh a leanas:

- **Taighde**
- **Teagmháil le pobal na Gaeilge**
- **Clár an Scéil a chur le chéile**
- **Ábhair chartlannaíochta a aimsiú agus a dhoiciméadú le cur leis an scéal**
- **Téacs do thaispeántas agus treoirleabhar beag a dhréachtú**

Déanfaidh an t-éascaitheoir *Scéal na Gaeilge* a thaighdiú bunaithe ar na téamaí thuasluaite: an teanga mar a bhí, an teanga mar atá, agus an teanga mar a bheidh. Oibreoidh an t-éascaitheoir le réimse daoine éagsúla ó phobal na Gaeilge le clár an scéil a fhorbairt. Mar chuid den tionscnamh beidh ar an éascaitheoir ábhair a aimsiú agus a atá bainte leis an scéal (cáipéisí, grianghraif, scéilíní srl). Ba chóir don éascaitheoir cinntiú go n-inseofar an scéal ar dhóigh atá nuálach agus samhlaíoch, ag léiriú stair na teanga

suas go dtí an lá atá inniu ann, an teanga bheo san am atá i láthair agus mianta an phobail i leith na teanga don todhchaí i ndiaidh 2013.

Díreoidh an tionscnamh seo isteach ar cheantar Chomhairle Cathrach Dhoire ar fad (féach ar an léarscáil, lch 7) agus ní mór don éascaitheoir a léiriú go bhfuil sé/sí tiomanta do chomhdheiseanna a chur ar fáil do gach duine ar mian leis bheith páirteach sa tionscnamh, beag beann ar chúlra an duine nó ar an áit a bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí sa cheantar Comhairle. Bainfidh an t-éascaitheoir feidhm as modhanna éagsúla le dul i dteagmháil le pobal na Gaeilge.

Beidh tacaíocht ar fáil don éascaitheoir ó *BT Portrait of a City* a chuideoidh le hábhair a chartlannú go digiteach. Tá sé de chuspóir ag tionscnamh *BT Portrait of a City* ceann de na cartlanna digiteacha pobail agus bancanna cuimhne is mó ariamh a chruthú agus tacóidh sé le pobail éagsúla ábhair chartlannaíochta (grianghraif agus fíis) a bhainistiú le bheith uaslódáilte chuig an bhanc cuimhne. Oibreoidh an t-éascaitheoir le foireann *BT Portrait of a City* chun *Scéal na Gaeilge* a chur ar chartlann *Portrait of a City* agus le foinsí cartlannaíochta a dhigitiú don todhchaí (grianghraif, ábhar scríofa srl). Tuilleadh eolais: www.btportraitofacity.com

3. Bainistíocht an Tionscnaimh

Bainisteoidh Oifigeach Gaeilge Chomhairle Cathrach Dhoire an Conradh ó thus go deireadh. Cuirtear gach ceist i dtaca leis an phróiseas iarratais seo chuig: Pól Ó Frighil, Oifigeach Gaeilge, Teil: (028) 71 376 579, nó seol ríomhphost chuig: pol.ofrighil@derrycity.gov.uk.

4. Más mian leat cur isteach

Roimh duit d'iarratas a chur isteach léigh an léargas ag tosach na cáipéise seo le cinntiú go dtuigeann tú ina iomláine riachtanais an tionscnaimh.

Úsáidfear d'iarratas mar chuid den phróiseas measúnaithe agus cuideoidh an t-eolas a chuireann tú isteach le Comhairle Cathrach Dhoire cinneadh a dhéanamh maidir le do chumas nó cumas d'eagraíochta tabhairt faoin tionscnamh seo.

Tá sé de cheart ag Comhairle Cathrach Dhoire do chonradh a dhícháiliú má thugann tú bréagléiriú ar aon eolas san iarratas nó ar an ábhar tacaíochta.

Tá sé de cheart ag Comhairle Cathrach Dhoire soiléiriú a fháil maidir le haon chuid den iarratas nó tuilleadh eolais a iarraidh maidir le d'iarratas.

5. An t-iarratas

Ní mór gach eolas atá sainithe thíos a chur san áireamh.

Is féidir leat iarratas a chur isteach i nGaeilge nó i mBéarla. Má tá tú ag cur isteach iarratas i nGaeilge cuir leagan Béarla leis le do thoil.

Ní mór don éascaitheoir bheith ina Ghaeilgeoir líofa.

Cuir isteach:

CV reatha agus **cáipéis clóscríofa a bhfuil an t-eolas a leanas ann:**

1. ainm agus seoladh an iarratasóra mar aon le huimhir ghutháin agus seoladh ríomhphoist;
2. na fáthanna ar mhaith leat bheith mar éascaitheoir /taighdeoir ar an tionscnamh;
3. do chuid líofachta sa Ghaeilge;
4. do scileanna agus do thaithí a bheadh oiriúnach don ról
mar shampla: taithí ag taighdiú; ag léamh cáipéisí stairiúla nó ag obair le hábhair chartlainne; taithí ar bith atá agat sa teicneolaíocht faisnéise; taithí ag plé le daoine nó ag obair leis an phobal
5. eolas ar do chur chuige molta leis an tionscnamh a chur i gcrích;
6. briseadh síos ar chostais - bris na costais seo síos le do ráta laethúil a léiriú, cé mhéad lá a chaithfidh tú ar an tionscnamh, agus cén céatadán den obair a chaithfidh tú ar thaighde ar an ghuthán, san oifig, nó ag obair go díreach leis an phobal, tabhair do d'aire go bhfuil buiséad ar leith ar fáil (suas go dtí £1,000) le híoc as costais a bhaineann le ceardlanna pobail a reáchtáil;
7. cén dóigh a ndéanfaidh tú an tionscnamh a mheas;
8. ainmneacha agus seoltaí do bheirt mholtóirí neamhspleácha.

Nóta: Déan cinnte de go bhfreagraíonn tú gach ceist thuas. Má éiríonn leat an conradh a fháil, beidh an conradh sínithe idir tú agus Comhairle Cathrach Dhoire. Má iarrtar ort, beidh ort freastal ar agallamh neamhfhoirmeálta roimh do cheapachán.

Déanfar d'iarratas a mheas ar an dóigh a leanas:

Céim 1 – Critéir Roghnaithe

Critéir Roghnaithe	Marc
Taithí Cuirfidh an t-iarratasóir eolas ar fáil maidir leis na scileanna agus/nó taithí atá aige/aici leis an ról a dhéanamh go héifeachtach ag freagairt gach ceist ag Alt 5	Pas/Teip

Céim 2 – Critéir Bhronnta

Critéir	Ualú
1. Do chur chuige	90%
2. Luach airgid	10%

6. Amscála

Ceapfar an t-éascaitheoir Meitheamh 2013 agus beidh ar an té a cheapfar an tionscnamh a críochnú faoi dheireadh mhí Lúnasa 2013.

Gníomh	Sprioc
Fógra	Bealtaine 2013
Sprioc d'iarratas	Meitheamh 2013
Taighde agus Ceardlanna Pobail	Iúil/Lúnasa 2013
Dearadh agus Táirgeadh	M. Fómhair/D.Fómhair 2013
Seoladh	Samhain 2013

7. Airgeadas

Tá táille £3,000 ar fáil don éascaitheoir a n-éiríonn leis/léi an Conradh a fháil.

Tá buiséad breise ar fáil (suas go dtí £1,000) le costais cheardlanna pobail a chlúdach.

Brisfidh an t-éascaitheoir síos gach costas i bpoint steirling. Ní mór don iarratasóir cruthú go bhfuil luach airgid ag croí an iarratais taobh istigh den táille atá ar fáil.

Déanfar íocaíochtaí ar an dóigh a leanas:

1. Nuair a fhaightear conradh sínithe agus plean don tionscnamh **(25%)**
2. Nuair a bhaintear amach lárphointe an tionscnaimh **(30%)**
3. Nuair a chríochnaítear obair an éascaitheora **(35%)**
4. Nuair atá an tionscnamh críochnaithe ina iomláine **(10%)**

Beidh ar an iarratasóir a cheapfar sonrasc a chur isteach do gach íocaíocht. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon chostas nó chaillteanais a thiteann ar an iarratasóir as iarratas a chur isteach. Níl Comhairle Cathrach Dhoire in ann ábhair a gcuirtear leis an iarratas a chur ar ais chuig an iarratasóir.

8. Cuir d'iarratas isteach

Cuir dhá chóip de d'iarratas (ceann amháin acu neamhcheangailte le haghaidh fótachóipeála) chuig:

Pól Ó Frighil
Oifigeach Gaeilge
Comhairle Cathrach Dhoire
98 Bóthar na Trá
Doire BT48 7NN

Roimh **12.00in** ar an **Aoine 21ú Meitheamh 2013**

Ní féidir d'iarratas a chur isteach trí fhacs nó ríomhphost.

Ainmnigh d'iarratas '*Scéal na Gaeilge*' agus cuir an teideal sin ar an chlúdach.

Muna bhfaightear d'iarratas roimh an spriocam déanfar é a dhícháiliú. Má tá an seoladh mícheart ar an iarratas ní ghlacfar leis. Tá dualgas cruthúnais ar an iarratasóir féin.

AGUISÍN 1

Léarscáil de cheantar Chomhairle Cathrach Dhoire:



(c) Comhairle Cathrach Dhoire